



Uasdátú ón Aonad um Oideachas Gaeltachta don Choiste Comhairleach um Oideachas Gaeltachta

Dáta: Dé Céadaoin, 28 Samhain 2018

1. Uasdátú ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

- Beidh an Imlitir don scoilbhliain 2019/20 don *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (Scéim)* á eisiúint ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta go luath in Earrach 2019.
- Tabharfar deis eile don 28 scoil Ghaeltachta nach bhfuil rannpháirteach go fóill cur isteach ar an Scéim i 2019/20. Fáilteofar roimh mholtaí ó bhaill an choiste stiúrtha ar an tslí is fearr chun na scoileanna seo a spreagadh le bheith rannpháirteach sa *Scéim* ar mhaithe le húsáid na Gaeilge a mhéadú agus an tumoideachas a láidriú.
- Tá an tAonad tar éis tús a chur le comhráit leis an bhForas Taighde ar Oideachas (FTO) chun togra taighde a fhorbairt i gcomhpháirt leis an gCigireacht chun tionchar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ar an tumoideachas agus ar úsáid na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach sa *Scéim* a thomhas.

2. Cuirteanna Comhairleacha na Cigireachta ar na Scoileanna atá ag feidhmiú sa *Scéim*

- Foilsíodh *Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna/agus d'Iar-bhunscoileanna - An Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais* i mí Mheán Fómhair 2018. Foilseofar an leagan deireanach den dá Threoir go luath in 2019 nuair atá aiseolas ó na scoileanna curtha san áireamh iontu.
- Foilsíodh *Nóta Treorach do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta ar chuirteanna comhairleacha na cigireachta agus ar úsáid na n-uaireanta breise páirtaimseartha do thacaíocht na Gaeilge* i mí Mheán Fómhair 2018 freisin.
- Ó Mheán Fómhair go Samhain 2018, tugadh cuirteanna comhairleacha ar 80 as 105 bunscoil agus ar 17 as 28 iar-bhunscoil atá sa *Scéim*.
- Tá achoimrí ar na cuirteanna comhairleacha ar fáil in Aguisín 1 (bunscoileanna) agus Aguisín 2 (iar-bhunscoileanna) atá ceangailte leis an tuairisc seo.

3. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do na Scoileanna atá ag feidhmiú sa *Scéim*

- D'éagraigh COGG 6 sheimineár ar ar fhreastail beirt mhúinteoirí as gach ceann den 28 n-iar-bhunscoil atá ag feidhmiú na *Scéime*.
- Eagraíodh 4 sheimineár do mhúinteoirí Tacaíocht Teanga na mbunscoileanna Gaeltachta (seachas Dún na nGall)
- Tá seimineáir foirne scoile na mbunscoileanna ar siúl faoi láthair agus 21 seimineár san iomlán a bheidh i gceist.
- Tionólfar cruinniú eolais idir oifigigh COGG agus na cigirí atá ag tabhairt tacaíochta do AOG ar 11 Nollaig chun an dea-chleachtais agus na príomhtheachtaireachtaí faoin tumoideachas a roinnt.

4. Tionscadal píolótach do mhol ríomhfhoghlama

4.1 An Chéim Réamh-Phíolótach

- *Tionscadal Píolótach ar ríomh-Mhol trí mheán na Gaeilge - Athbhreithniú Idirnáisiúnta agus Tuarascáil Chomhairleach* foilsithe i mBealtaine 2018.

- Beirt ríomh-mhúinteoirí roghnaithe le tosú ag obair i mí Mheán Fómhair 2018 i bPobalscoil Chorca Dhuibhne agus i gColáiste na Coiribe.
- Iarratas ar Thairiscintí ar Sheirbhísí Comhairleacha agus Comhordaithe mar thaca le Feidhmiú an Tionscadail Phíolótaigh R-Mhol foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i mí Lúnasa 2018. Bronnadh an tairiscint ar an gcomhlacht H2 Learning i mí Dheireadh Fómhair 2018.
- Tá H2 Learning tosaithe ag obair leis an mbeirt r-Mhúinteoirí. Tá an obair seo dírithe ar an gcur chuige oideolaíoch mar atá molta sa tuarascáil chomhairleach thuasluaite. Táthar ag cuidiú leis na múinteoirí comhoibriú le chéile ar mhodúl Fisice don Idirbhliain a fhorbairt agus ar chúrsa iomlán Fisice don Ardteistiméireacht a phleanáil.
- Cruinnithe físchomhdhálacha ar siúl uair sa tseachtain leis na múinteoirí chun ábhar agus modheolaíochtaí don bhFisic Ardteistiméireachta a phleanáil agus a mheas.
- Tá *Domhantarraingt* agus *Dlús* aitheanta ag na múinteoirí mar bhlasmhodúl Fisice don Idirbhliain a mhairfidh 5 seachtaine, ina mbeidh 15 cheacht.
- Ceachtanna trialacha curtha ar bun le scoláirí ina scoileanna féin (Pobalscoil Chorca Dhuibhne & Coláiste na Coiribe) i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2018. Thug an tréimhse thrialach seo deis do na múinteoirí agus dá scoláirí triail a bhaint as an ábhar agus an gcur chuige i suíomh beo.

4.2 Forbairt Ghairmiúil Múinteoirí

- Le cur ar chumas na múinteoirí comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh, tá siad ag baint úsáide as *Microsoft Teams*, uirlis chomhoibrithe ar líne le hacmhainní a roinnt, agus as *Zoom* chun ceachtanna beo ar líne a éascú.
- Tá na r-Mhúinteoirí ag comhoibriú le múinteoirí Fisice ar líne sa Nua Shéalainn, Ceanada, san Astráil agus in Albain. Tá siad ag foghlaim an chaoi le gníomhaíochtaí spéisiúla Fisice ar líne a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.
- Ón taithí a bheidh le fáil acu ar na ceardlanna ar líne, leanfaidh na r-Mhúinteoirí ar aghaidh lena gcuid scileanna oideolaíochta agus teicniúla a fhorbairt a thuilleadh. Bainfear úsáid as sraith de threoirlínte chun tacú leis na múinteoirí cuir chuige foghlaim chumaisc a chur i bhfeidhm.

4.3 Trealamh r-Mhol Scoile

- Cuireadh maoiniú ar fáil don dá scoil r-Mhol chun an trealamh seo a leanas a chur ar fáil do gach ceann den dá scoil:
 - Ríomhaire pearsanta le monatóir scáileán-tadhaill
 - Monatóir réscáileáin crochta ar an mballa
 - Táibléad r-Mhúinteora
 - Ceamara gréasáin físchomhdhála
 - Fuaim barrdeisce físchomhdhála
 - Amharcléiritheoir.

4.4 Léiriú Spéise do na Blasmhodúil Idirbhliana

- Tabharfar cuireadh do na hiar-bhunscoileanna atá páirteach sa *Scéim Aitheantais Scoil Ghaeltachta* léiriú spéise a chur in iúl, faoi Nollaig 2018, maidir le bheith páirteach sa Bhlasmhodúl Fisice don Idirbhliain a bheidh á chur ar fáil in iar-bhunscoileanna na Scéime i mí Eanáir/Feabhra 2019.

5. Clár Píolótach Forás

- Tá athbhreithniú déanta ar na pleananna atá seolta ar aghaidh ag Pobalscoil Ghaoth Dobhair agus Meánscoil San Nioclás i Rinn Ó gCuanach don chlár forbartha teanga Forás. Bhí ar na scoileanna plean/clár a dhearadh do scoláirí le riachtanais Ghaeilge ar leith de chuid na Sraithe Sóisearaí.

- Tá aiseolas i scríbhinn tugtha ag AOG don dá scoil le cabhrú leo modhanna múinte agus straitéisí éagsúla a úsáid chun scileanna teanga na scoláirí seo a fhorbairt go córasach ag tosú le scoláirí na chéadblia.
- Déanfar monatóireacht leanúnach ar fheidhmiú agus ar thorthaí an chlár phíolótaigh seo.

6. Uasdátú ar fheidhmiú na ngníomhaíochtaí a bhaineann le hoideachas múinteoirí faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

- I gcomhar leis na hInstitiúid Oideachais Marino agus Coláiste Mhuire Gan Smál seoladh go hoifigiúil: an B.Oid. trí Ghaeilge don bhunmhúinteoireacht in Institiúid Oideachais Marino leis an iar-Aire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton T.D. (13/11/18) agus an Mháistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta leis an Aire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh, T.D. (19/10/18).
- Tionóladh dhá chruinniú go dáta leis an dá ghrúpa monatóireachta le hionadaithe ón ROS, COGG, An Chomhairle Mhúinteoireachta, Institiúid Oideachais Marino agus Coláiste Mhuire gan Smál, chomh maith le beirt saineolaithe oideachais, chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gclár oideachais do mhúinteoirí. Beidh an chéad chruinniú eile ar siúl ag tús mí Feabhra 2019.
- Mar chuid d'fheidhmiú an *Pholasaí*, leanfar leis an dá phost teagaisc a chur ar fáil don *Mháistir Gairmiúil san Oideachas in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*, trí shocruithe iasachtaí.

7. Luathbhlianta

- Tá pleananna idir lámha ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta Treoirínite a chur ar fáil do naíonraí agus bunscoileanna maidir le naisc a fhorbairt idir na naíonraí agus an bhunscoil le heiseamláirí den dea-chleachtas san áireamh ann.

Aguisín 1: Na príomhtheachtaireachtaí óna cuairteanna comhairleacha a tugadh ar bhunscoileanna na Scéime ó Mheán Fómhair go Samhain 2018 (80 cuairt go data)

Is iad seo a leanas na príomhtheachtaireachtaí a d'éascair as na comhráití le príomhoidí agus baill foirne le linn na gcuartheanna comhairleacha.

1. An Luaththumoideachas

Tuairiscíodh go bhfuil an luaththumoideachas á chur i bhfeidhm sna naíonáin shóisearacha i mbeagnach gach scoil ar tugadh cuairt orthu go dtí seo. Is ardú croí agus meanman do na scoileanna seo an dul chun cinn sa teanga atá á dhéanamh ag na daltaí sna ranganna seo. Tuairiscíodh go dtugann sé spreagadh do na daltaí eile sa scoil an Ghaeilge a labhairt agus go bhfuil meon an-dearfach á chothú i leith an tumoideachais dá bharr. I measc na straitéisí fiúntacha atá in úsáid chun an luaththumoideachas a chur chun cinn tá:

- tumadh iomlán sa teanga
- luathidirghabháil in-ranga atá dírithe ar fhoghlaim na teanga
- feidhmiú *Aistear* (creatchuraclam luath-óige do pháistí ó bhreith go sé bliana) le hionchur an-láidir teanga ó mhúinteoirí agus ó chúntóirí teanga
- comhfhúinteoireacht idir an múinteoir ranga agus an múnteoir tacaíochta Gaeilge, mar shampla, *Léim sa Litearthacht*, (luathléitheoireacht) *Réidh*, *Socair*, *Déan* (luathmhatamaitic).

2. An Tumoideachas sna Ranganna eile

Tugadh le fios go bhfuil múinteoirí ag tabhairt faoin iliomad straitéisí chun an tumoideachas a chur chun cinn sna ranganna eile, mar shampla:

- forbairt ar ghnéithe éagsúla do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge i gcomhthéacs an tumoideachais ar bhonn scoile-uile
- ábhar amháin á mhúineadh trí mheán na Gaeilge, ag cur béim ar leith ar theagasc agus ar fhoghlaim sain-teanga an ábhair sin.
- an léitheoireacht Ghaeilge á chur chun cinn ar bhonn scoile-uile – fíor leabhair Ghaeilge ar fáil do gach dalta le léamh ag a gcumas féin – leabhair chéimnithe do theagasc agus d'fhoghlaim na léitheoireachta agus leabhair chomhthreormhara don léitheoireacht phearsanta. Cuirtear na tuismitheoirí ar an eolas faoi dhul chun cinn an dalta, rud a láidríonn an teagmháil baile/scoile. Tuairiscíodh go bhfuil an córas seo ag obair go han-mhaith sna scoileanna beaga.
- bunlíne do leibhéal teanga na ndaltaí aimsithe trí thairfead a dhéanamh ar a gcuid cainte / ar a gcuid léitheoireachta agus úinéireacht tugtha dóibh ar a ndul chun cinn féin
- úsáid bainte as próifílí measúnachta chun clár foghlama a dhearadh agus a chur i bhfeidhm
- cainteoirí dúchais fásta le canúint na háite ag tacú leis an nGaeilge sa scoil, mar shampla, i scoil amháin d'éascaigh siad cuairt ar an leabharlann trí léitheoireacht, léarmheas ar leabhair, scéalaíocht, comhrá agus cluichí a dhéanamh i gcomhphairt leis na daltaí.

3. An Teanga Cumarsáide i measc na ndaltaí

Is iomaí cleas agus straitéis atá idir lámha ag scoileanna chun na daltaí a chur ag caint eatarthu féin sa scoil, sa chlós, ag am spraoi, in obair ghrúpa, ag imirt cluichí. Mar shampla:

- clós ar leith curtha ar fáil do na naíonáin shóisearacha agus d'aon dalta eile atá sásta Gaeilge a labhairt
- cluichí agus gníomhaíochtaí clóis as Gaeilge
- duaiseanna do labhairt na Gaeilge (duaiseanna aonair agus duaiseanna do ghrúpaí)

- aithint agus teagasc na n-eiseamláirí teanga nach bhfuil ar eolas ag na daltaí don chumarsáid
- síorcheartú le linn ceachtanna agus cumarsáide
- Cinnireacht agus úinéireacht tugtha do na daltaí sinsearacha ar chur cun cinn na Gaeilge cumarsáide sa scoil.

4. Úsáid na n-áiseanna – idir acmhainní daonna agus ábhair

a) Uaireanta tacaíochta don Ghaeilge

Tuairiscíodh go mbaintear úsáid as na huaireanta tacaíochta ar bhealaí éagsúla ar nós:

- tacaíocht don luaththumoideachas sna ranganna naíonán, don Ghaeilge agus d'ábhair churaclaim éagsúla trí mheán na Gaeilge i ranganna eile
- tacaíocht teanga in-ranga agus aistarraingte do chainteoirí dúchais, d'fhoghlaimoirí, do chainteoirí le hinniúlacht an-mhaith sa teanga agus do dhaltaí le riachtanais fhoghlama éagsúla
- comhfhúinteoireacht chun éascaíocht a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge i ngrúpaí beaga
- bunlíne do leibhéal theanga na ndaltaí a aimsiú agus próifílí teanga a chruthú
- feitheoireacht ar na naíonáin sa chlós chun cabhrú le húsáid na teanga
- coistí Gaeilge bunaithe i scoileanna áirithe agus oiliúint curtha ar na daltaí sinsearacha cabhrú leis na naíonáin shóisearacha an teanga a chleachtadh sa chlós agus cluichí trí mheán na Gaeilge a imirt leo.

b) Áiseanna Teagaisc agus Foghlama

I measc na n-áiseanna atá in úsáid chun an tumoideachas a chur i bhfeidhm, bhí leabhair léitheoireachta, leabhair leabharlainne, an scéim *Séideán Sí*, cluichí teanga (Gaeilge), leabhair Ghaeilge d'ábhar curaclaim eile, dlúthdhioscaí, scéimeanna fonaice, ábhar teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, ábhair tacaíochta óna seirbhísí tacaíochta náisiúnta agus áiseanna féin-deartha ag na múinteoirí.

5. Ag breathnú chun cinn

Is léir go bhfuil dearcadh an-dearfach á chothú sna scoileanna i leith an tumoideachais agus go bhfuil tacaíocht an-mhaith ag teacht ó fhormhór na dtuismitheoirí. Le cur leis an obair mhaith atá déanta go dtí seo agus go mbeidh an rath ar an bhfoghlaim trí mheán na Gaeilge, rinne na cigirí moltaí éagsúla leis na scoileanna. B'iad na moltaí ba mhinice a rinneadh ná:

- monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an tumoideachais agus ar dhul chun cinn na foghlama sa teanga ar bhonn rialta
- féinmheasúnú na ndaltaí féin a chur chun cinn agus úinéireacht a thabhairt dóibh ar a gcuid foghlama agus ar a ndul chun cinn
- a chinnitú go bhfuil ról na n-oidí tacaíochta Gaeilge sainithe go hoiriúnach agus saineolas i dtaobh an tumoideachais agus múineadh an dara teanga á gcothú ina measc
- stádas na scoile mar scoil Ghaeltachta a fhógairt go soiléir ag geata na scoile agus timpeallacht Ghaelach a chruthú taobh amuigh agus taobh istigh den scoil.
- tuilleadh úsáide a bhaint as na háiseanna atá ar fáil mar shampla: *Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtas*
- líonraí scoileanna/príomhoidí/múinteoirí a chruthú chun dea-chleachtas a roinnt maidir le feidhmiú an tumoideachais.

Aguisín 2: Na príomhtheachtaireachtaí óna Cuairteanna Comhairleacha a tugadh ar iar-bhunscoileanna na Scéime ó Mhéan Fómhair go Samhain 2018 (17 cuairt go dáta)

Is iad seo a leanas na príomhtheachtaireachtaí a d'éascair as na comhráití le príomhoidí agus baill foirne le linn na gcuairteanna comhairleacha.

1. Oideachas trí mheán na Gaeilge

Tá oideachas iomlán trí Ghaeilge á chur ar fáil mar a bhí go dtí seo i líon ard iar-bhunscoileanna, go háirithe sna ceantair Ghaeltachta is láidre. Tá forbairt déanta i scoileanna eile mar a bhaineann sé le cur le líon na n-ábhar á múineadh trí Ghaeilge, lucht na céadbhliana á múineadh go hiomlán trí Ghaeilge agus líon áirithe ábhar á gcur ar fáil trí Ghaeilge sa tSraith Shinsearach. Is iad na cuir chuigí scoile seo a leanas atá ag tacú leis na forbairtí ó thús na Scéime:

- Féinmhúinín níos airde in iar-bhunscoileanna áirithe maidir le múineadh trí mheán na Gaeilge de bharr rannpháirtíocht na scoile sa scéim aitheantais. Tuairiscíodh go bhfuil bainistíocht na n-iarbhunscoileanna in ann míniú níos iomláine a thabhairt do thuismitheoirí ar oideachas Gaeltachta agus go bhfuil tuismitheoirí ag glacadh leis an míniú sin.
- Polasaí earcú múinteoirí iar-bhunscoile dírithe ar mhúinteoirí le Gaeilge a fháil
- Tacaíocht ar leith san iar-bhunscoil do mhúinteoirí nach bhfuil inniúil go hiomlán ar an teanga ach go bhfuiltear ag súil leis go gcuirfidh siad feabhas ar a gcuid scileanna de réir a chéile
- Bolscaireacht agus eolas níos fearr ar fáil ó iar-bhunscoileanna ar a bhfuil ar siúl ó thaobh oideachas Gaeltachta de
- Rannpháirtíocht na scoile i réimse cuimsitheach comórtais Ghaeltachta agus Ghaeilge a láidríonn cúrsaí teanga.

2. An teanga chumarsáide i measc na scoláirí

Seo ceann de na dúshláin is mó a aithníodh sna hiar-bhunscoileanna ar tugadh cuairt orthu, fiú iad siúd le líon ard cainteoirí dúchais. Tá dúshláin suntasacha ag baint le déagóirí a spreagadh le Gaeilge a labhairt ina measc féin i suíomhanna sóisialta i dtimpeallacht na scoile. É sin ráite, tá iar-bhunscoileanna ag dul i ngleic leis na dúshláin seo le fonn agus le díograis. Tuairiscíodh gurb é seo an chéad uair do mhórchuid na n-iarbhunscoileanna díriú go sonrach ar an gceist mar ábhar práinne. I measc na straitéisí a aithníodh in iar-bhunscoileanna chun scoláirí a spreagadh, tugadh suntas do na cinn seo a leanas:

- Club Gaeilge am lóin, seomra caidrimh, áit chaidrimh - cumarsáid agus cluichí
- Cúinne ar leith sa scoil ina labhraítear Gaeilge amháin
- Coiste na Gaeilge bunaithe i measc na scoláirí chun ról ceannaireachta a thabhairt dóibh i leith labhairt na teanga
- Seisiúin fheasachta teanga déanta leis na scoláirí
- Modúl forbartha ar shaorántacht Ghaeltachta
- Córas meantóireachta idir an Idirbhliain agus an chéad bhliain le béim ar leith ar spreagadh na Gaeilge
- Córas na bpointí, ceangailte i gcás dhá iar-bhunscoil le córas na dtithe, chun scoláirí a spreagadh an Ghaeilge a úsáid
- Clubanna iarscoile le ranganna ar nós ranganna cócaireachta
- Béim bhreise/ béim don chéad uair ar rannpháirtíocht i gcomórtais Ghaeltachta/ Ghaeilge ar nós Oireachtas na Gaeilge, Scléip, díospóireachtaí Ghael Linn, comórtais raidió agus TG4, ceardlanna filíochta, drámaíochta, rannpháirtíocht i bhféilte áitiúla Ghaelachta
- Béim ar dhrámaíocht chun féiniúlacht na Gaeltachta a léiriú agus a chothú

- Oíche shiamsaíochta le iar-bhunscoil Ghaeltachta eile/ ceangail cothaithe le iar-bhunscoileanna Gaeltachta/ Gaelcholáistí chun léiriú a thabhairt ar iar-bhunscoileanna eile ina labhraítear Gaeilge mar an phríomhtheanga
- Siúlóid Ghaeltachta eagraithe chun na glúnta go léir a thabhairt le chéile.

Tuairiscíodh go bhfuil ag éirí go maith leis na straitéisí seo in an-chuid scoileanna. Is obair leanúnach a bheidh i gceist. Tá roinnt scoileanna, go háirithe iad siúd nach raibh traidisiún ar bith de labhairt na teanga ar scoil, ag tuairisciú go bhfuil ag éirí leo dul i bhfeidhm ar lucht na céadbhliana ach go háirithe.

3. Úsáid na n-uaireanta tacaíochta teanga breise

Bhí easpa tuisceana i gcéadatan áirithe de na iar-bhunscoileanna ag tús na scoilbhliana faoi úsáid cheart na n-uaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge. Le linn na gcuartheanna comhairleacha, cuireadh in iúl gur gá na huaireanta breise a úsáid go príomha chun tacaíocht a thabhairt don teagasc agus don fhoghlaim. Seo a leanas roinnt samplaí den dea-chleachtas a tuairiscíodh maidir le húsáid na n-uaireanta tacaíochta sna iar-bhunscoileanna:

- Tacaíocht d'fhoghlaimoirí sa rang agus i ngrúpaí aistarraingte
- Tacaíocht ar leith do chainteoirí dúchais agus scoláirí le caighdeán an-ard Gaeilge i gceachtanna leo féin
- Tacaíocht teanga ar leith do chainteoirí dúchais maidir le saibhriú teanga agus ullmhúchán do chomórtais Oireachtas na Gaeilge
- Fócas ar leith ar chanúint an cheantair, oidhreacht agus seanchas an cheantair – scéalta, amhráin agus béaloideas
- Tacaíocht do scoláirí maidir le forbairt scileanna cumarsáide sa teanga agus éascú na scileanna sin trí eagrú cluichí agus ócáidí sóisialta
- Tacaíocht bhreise do scoláirí ó thaobh forbairt scileanna cruinnis de
- Tacaíocht do mhúinteoirí ábhar sa rang – buíonteagasc
- Tacaíocht ar leith do chur i bhfeidhm Sonraíocht T1 le scoláirí ar bheagán Gaeilge ar theacht chun na scoile dóibh
- Ceangal déanta idir na tacaíochtaí breise agus próiseas féinmheastóireachta na scoile
- Tús a chur le hábhair churaclaim ar leith a sholáthar trí Ghaeilge
- Leathnú ar líon na n-ábhar ar fáil trí mheán na Gaeilge.

4. Acmhainní teagaisc

Tuairiscíodh i roinnt iar-bhunscoileanna go raibh an deontas d'acmhainní trí Ghaeilge caite ar leabhair léitheoireachta agus ar chluichí teanga chun cúrsaí cumarsáide a spreagadh i measc scoláirí. Ní raibh an deontas caite fós ag roinnt eile d'iar-bhunscoileanna. I gcásanna eile, cuireadh comhairle ar iar-bhunscoileanna maidir le ceart úsáid an deontais de réir théarmaí Imlitir 0022/2018.

5. Dúshlán le sárú

Luaigh iar-bhunscoileanna go raibh deacrachtaí ar leith acu maidir leis na ceistanna seo a leanas:

- Earcú múinteoirí le Gaeilge go háirithe sna mionábhair agus ar iar-bhunscoileanna na n-oileán
- Tacaíocht do mhúinteoirí nach bhfuil iomlán inniúil ar an nGaeilge
- Earcú múinteoirí le Béarla nuair nach bhfuil an dara rogha ag an iar-bhunscoil
- An Ghaeilge mar theanga chumarsáide a spreagadh i measc na scoláirí.

6. Ag breathnú chun cinn

Ar an iomlán, bhí an t-aiseolas ó na hiar-bhunscoileanna go dáta an-dearfach. Bhí inní áirithe ar roinnt scoileanna ag tús na Scéime nach mbeadh tacaíocht iomlán acu ó thuismitheoirí agus ó scoláirí ach is a mhalairt de scéal atá ag teacht chun cinn in an-chuid ceantair Ghaeltachta. Bhí ríméad i go leor iar-bhunscoileanna faoin dearcadh dearfach a léiríodh i measc thuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí ó thaobh úsáid na Gaeilge sa teagasc agus sa chumarsáid sa scoil. Le cur leis an obair atá déanta go dtí seo agus chun go mbeidh an rath ar an bhfoghlaim trí Ghaeilge, rinne na cigirí moltaí éagsúla leis na hiar-bhunscoileanna. B'iad na moltaí ba mhinice a rinneadh ná:

- Eolas bonnlíne a fháil faoi chumas teanga na scoláirí – go háirithe sa chéad agus sa dara bliain
- Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí ó thaobh na teanga de
- Na dea-chleachtais agus na héachtaí ó thaobh úsáid na Gaeilge mar theanga chumarsáide a chlárú agus a cheiliúradh
- Cur le líon na straitéisí chun an Ghaeilge a chur chun cinn san iar-bhunscoil
- Cinntiú go bhfuil ról lárnach ag na scoláirí maidir le cur chun cinn na teanga – ról ceannaireachta a thabhairt do ghrúpa scoláirí
- Tuismitheoirí agus scoláirí a chur ar an eolas faoi stádas na scoile mar scoil Ghaeltachta agus na buntáistí a bhaineann leis sin a fhógairt go rialta
- Timpeallacht Ghaelach a chothú san iar-bhunscoil
- Ceangail a chruthú agus a chothú leis na bunscoileanna Gaeltachta sa cheantar
- Rannpháirtíocht na scoláirí i réimse comórtas a éascú agus a chur chun cinn agus a dtallann a cheiliúradh
- Úsáid a bhaint as na háiseanna atá ar fáil: *Dréacht-Treoir d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais; Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 agus Ag Breathnú ar an Scoil Againne.*